# Duilleog



Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 14 Fómhair 2010



Emma & Réiltín ag déanamh bronnadh ar Toní



PJ ag déanamh bronnadh ar Shíle

## Ócáid Cheiliúrtha don iar-Bhainisteoir

Bhí oíche mhór í dTigh Jack ar an Aoine an 11 Meitheamh do Antoin Mac Aoidh atá indiaidh éirigh as a bheith ina Bhainisteoir ar an Chomharchumann le beagnach scór bliain. I measc na ndaoine a bhí i láthair bhí a bhean chéile Síle a theaghlach Regina agus Adrian muintir an Chomharchumainn agus Príomh Fheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Peadar Mac an Iomaire agus a bhean chéile Máirín.

Guímid beatha, sláinte agus ádh mór ar Toní ina shaol úr!

## Fáilte Roimh Fhoras na Gaeilge

Ba mhaith leis an Chomhar-chumann Céad Míle Fáilte a chur roimh theacht Fhoras na Gaeilge go Gaoth Dobhair agus roimh na postanna atá teanga bhunaithe agus theanga larnaithe atá agus a bheas cruthaithe anois sa cheantar da bharr.

Is iontach an rud é anois ion-adaíocht a bheith ag ceann eile de na heagraíochtaí Náisiúnta Gaeilge anseo i Ghaoth Dobhair. Is aitheantas atá ann do Ghaoth Dobhair mar cheantar láidir Gaeltachta agus guímid rath agus bláth ar an Fhoras anseo agus ar an obair atá ar siúl acú.

## Guth na Gaeltachta ag lá stocaireachta i mBaile Átha Cliath

**Lá eolais in Óstán Buswells**

**D'éirigh go hiontach leis an lá eolais agus**

**stocaireachta a d'eagraigh Guth na Gaeltachta agus Conradh na Gaeilge ar an Céadaoin 6 Deireadh Fómhair seo caite in Ostan Buswells i mBÁC. Tháinig 82 de na polaiteoirí chun cainte linn ar an lá le cás na Gaeilge agus na Gaeltachta a phlé. Ar mbuíochas leo siúd agus leis na daoine uilig as na eagraíochtaí Gaeilge, Comhlachas na gComharchumann Gaeltachta, coistí pobail agus na daoine aonaracha uilig a gheall cuidiú agus tacaíocht dúinn ar an lá.**








An Crann Óg le Máire Mhic Ghiolla Íosa agus a fear chéile Máirtín le linn a gcuairte ar Áras an Uachtaráin

**Beidh**
**Lá Teaghlaigh**
**le Santa**
**sa Chrannóg**
**ar an**
**11 Nollaig, 12.00.**
**Obair Cheirde &**
**Bácáil Baile**
**le díol.**

## Loinneog Lúnasa
## Féile Ceoil Ghaoth Dobhair
## 26-29 Lúnasa 2010



Ceolchoirm leis an Chrann Óg in Ionad Cois Locha








Taispeántas Ceoil na bPáistí

### Seomra Staire agus Seanchais.

Tá an "Seomra Staire" ins an Chrannóg foscailte gach lá ón Luan go dtí an Aoine ón 9 r.n.-5i.n. (ag amanna eile ach coinne a dhéanamh). Tá cuid mhór ábhar stairiúil: seanphictiúir, seanirisí agus nuachtáin, chomh maith le cnuasach mór de leabhair Ghaeilge agus leabhair thagartha ag baint le Gaoth Dobhair agus Dún na nGall ann.

Seo ábhar atá iontach úsáideach do mhic léinn agus lucht taighde ach suimiúil d'achan nduine. Níl cead ábhar a thógáil amach as an áit ach tá fáilte roimh chóipeanna a dhéanamh. Is áis luachmhar é seo don phobal- bain úsáid as!

# FÉILE THRAIDISIÚNTA CHNOC FOLA 2010

## DÉARDAOIN, 29 IÚIL—DÉ LUAIN, 2 LÚNASA 2010








Aifreann, Ceol, Ceardaíocht agus Bia Trá ag Féile Chnoc Fola

# Campa Samhraidh 2010



Ag spóirt agus ag spraoi



Rang Simon



Rang Ghormfhlaith



Rang Chonor

# Oireachtas na Samhna 2010 Cill Áirne
# Buaiteoirí Áitiúla



Muintir Mhic Shuibhne

**COMÓRTAS 25 Dreas Cainte Urraithe ag Foras na Gaeilge**

**Duais speisialta €400 do dhuine nár bhain duais cheana sa chomórtas seo**
**Eoghan Mac Suibhne, Croisbhealach, Rann na Feirste, Anagaire, Co. Dhún na nGall**
**COMÓRTAS 26 Scéalaíocht - Comórtas cáilithe**

**Duais Speisialta - Bernadette Nic Suibhne, Croisbhealach, Rann na Feirste,**

**Anagaire, Co. Dhún na nGall**
**COMÓRTAS 34 Urraithe ag Údarás na Gaeltachta**
**An chéad duais: Corn Mháire Nic Dhonnchadha, bonn airgid agus €350**
**Suzanne Ní Ghallchóir, Carraig Mhic Eachmharcaigh, Na Doirí Beaga, Co Dhún na nGall**

**COMÓRTAS 35 An dara duais: bonn cré-umha agus €250**
**Tony Mac Ruairí, Gleann Sí, Rann na Mónadh, Anagaire, Co. Dhún na nGall**
**COMÓRTAS 37 An chéad duais: Corn Cuimhneacháin Amhránaithe Sean-Nóis Mhúscraí, bonn airgid agus €350**

**Pól Ó Gallchóir, Srath Caonach, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.**
**COMÓRTAS 39 Amhránaíochta Sean Nós d'fhir, An dara duais—**
**bonn cré-umha €300– Brian Ó Domhnaill, Anagaire, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall**

**COMÓRTAS 5 Dreas Cainte: Faoi 12**
**An chéad duais: bonn airgid**
**Hugh Anthony Mac Suibhne, Croisbhealach, Rann na Feirste, Anagaire, Co.Dhún na nGall**
**An dara duais: bonn cré-umha**
**Joseph Mac Suibhne, Croisbhealach, Rann na Feirste, Anagaire, Co. Dhún na nGall**
**COMÓRTAS 7 Dreas Cainte: 15 - 18 mbliana**
**An chéad duais: bonn airgid**
**Selina Nic Suibhne, Croisbhealach, Rann na Feirste, Anagaire, Co. Dhún na nGall**


**COMÓRTAS 8 Amhránaíocht ar an Sean-Nós: Faoi 12**

**An dara duais: bonn cré-umha**
**ROINNTE IDIR**
**Mary Ellen Ní Fhátharta, An Tuairín, Béal an Daingin, Co. na Gaillimhe**
**&**
**Clodagh Ní Ghallchóir, Carraig Mhic Eamharcaigh, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall**

**COMÓRTAS 13 Scéalaíocht: 15 - 18 mbliana**
**An chéad duais: Corn Choláiste Rann na Feirste agus bonn airgid**
**Selina Nic Suibhne, Croisbhealach, Rann na Ferste, Anagaire, Co. Dhún na nGall**



Suzanne Ní Ghallchóir



Pól Ó Gallchóir

Glór na nGael Ghaoth Dobhair

Bhí réamh mholtóireacht ar siúl

Déardaoin 4 Samhain.

Tá muid ar an ghearr liosta agus beidh áth mholtóireacht ar siúl

Dé Sathairn 27 Samhain